

Ráiteas Straitéise 2016-2018

An Roinn Oideachais agus Scileanna

1.1 Réamhfhocal

Is mian le Gaelscoileanna Teo. leis seo aighneacht a chur faoi bhráid Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna mar fhreagairt do chuireadh ar aighneachta mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ar an Ráiteas Straitéise 2016-2018.

Fáiltíonn Gaelscoileanna Teo. roimh an deis ionchur a bheith acu sa phróiseas, agus ach go háirithe mar a bhaineann leis na scoileanna lán-Ghaeilge, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht, mar aon le na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht.

Glactar leis gurb í seo céad chéim an chomhairliúcháin agus beimid ag súil go mór leis an deis leanúint leis an bpróiseas i gcomhar le hOifig an Aire Oideachais agus Gaeltachta.

Tá áfach díomá ag baint leis an teorann ama a leagadh amach d'aighneachtaí ó na páirtithe leasmhara. Níorbh leor an tréimhse ama a tugadh chun comhairliúchán a dhéanamh go cuimsitheach lenár mbaill, is iad sin na scoileanna.

Braitear gur éifeachtaí deis a thabhairt do na páirtithe leasmhara iad a chur in aithne don Aire Oideachais agus Scileanna, trí chruinnithe aonair agus ghrúpa, sula dtabharfaí faoi chomhairliúchán ar chur chuige malartach mar a bhaineann le straitéis na Roinne Oideachais agus Scileanna.

1.2 Ról Gaelscoileanna Teo.

Bunaíodh Gaelscoileanna Teo. sa bhliain 1973 mar eagraíocht chomhordaitheach agus tacaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal. Tá Gaelscoileanna Teo. ag feidhmiú ó lúil 2014 sa mhór-réimse **Gaeloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge**, a chuimsíonn tacaíocht do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht, naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht, anuas ar thacaíocht agus abhcóideacht thar ceann bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

2. An Clár don Rialtas Comhpháirtíochta

Is é an rud is suntasaí sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta, sa pháipéar comhairliúcháin agus sa Ráiteas Straitéise 2015 – 2017 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna ná **nach bhfuil aon tagairt déanta don Ghaeilge ná don oideachas lán-Ghaeilge ná d'oideachas Gaeltachta sa chaibidil a dhíríonn ar chúrsaí oideachais**. Leagtar amach ar leathanach 145 den Chlár Rialtais spriocanna an Rialtais i leith na Gaeilge. Cé go bhfáiltítear roimh an aitheantais atá tugtha ar thábhacht na Gaeilge, níl aon sonraí ná eolas ann faoi cén chaoi a neartófar an teanga, ná cén infheistíocht a dhéanfar inti.

Maítear go ndéanfaí an An Stráiteas fiche Bhliain don Ghaeilge a chur i bhfeidhm go córasach, ach ní leagtar amach an cur chuige feidhmitheach ina leith.

Aithnítear sa Straitéis thuas luaite go bhfuil fás na scoileanna lán-Ghaeilge riachtanach d'inmharthanach na teanga. Is cás ar leith iad na scoileanna lán-Ghaeilge a fhreastlaíonn ar mhionlach le riachtanais faoi leith teanga. Ní léir gur tógadh stádas agus riachtanas na teanga san áireamh i bhforbairt an Chláir Rialtais.

Sa bhreis ar seo níl aon tagairt don Pholasáí Oideachais Gaeltachta sa Chlár Rialtas Comhpháirtíochta. I dtaobh na scoileanna Gaeltachta, is í an phríomhbhuairt atá orthu faoi láthair ná an mhoill a bhaineann le foilsiú an Pholasáí Oideachais don Ghaeltacht. Tá an eagraíocht agus na scoileanna Gaeltachta tar éis bheith páirteach sa chomhairliúcháin ó mhí Bhealtaine seo caite agus tugadh le fios go bhfoilseofaí an polasaí le linn an Earraigh, 2016.

Mar is eol duit, tá curaclam nua teangacha ag teacht isteach sna scoileanna mí Meán Fómhair 2016, agus beidh impleachtaí ann d'fheidhmiú an churaclaim nua i bhfolús polasaí soiléir faoin oideachas Gaeltachta, agus faoi fheidhmiú an luath-thumoideachais sna scoileanna Gaeltachta, ach go háirithe.

Moltar ardthosaíocht a thabhairt d'fhoilsiú agus d'fheidhmiú an Pholasáí, le buiséad cuí ina leith, chun leasa an oideachais Gaeltachta ar bhonn práinne.

NA SAINCHEISTEANNA

Leagtar amach sa Chlár Rialtas Comhpháirtíochta na tosaíochtaí a bheidh ag an infheistíocht bhreise de €500 milliún san oideachas trí bhearta éagsúla. Ní shonraítear áfach go mbeidh soláthar na seirbhísí tacaíochta riachtanacha sin, ar a n-áirítear:

1. Teiripeoirí urlabhra agus teanga
2. Síceolaithe bhreise NEPS
3. Forbairt ghairmiúil leanúnach bhreise
4. Bunachar de shaineolaithe (oideachasóirí; daoine gnó; cuntasóirí; speisialtóirí teicneolaíochta, srl).

in oiriúint don chóras oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Ní mór go mbeadh soláthróirí seirbhísí tacaíochta de chuid an stáit oilte, cáilithe agus saineolach ar fheidhmiú sa chóras oideachais lán-Ghaeilge. Ní chall ar a rá go bhfuil sainriachtanais i gceist ag an bpáiste sa suíomh lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a bhfuil foireann dhílis chuige ag teastáil. Mura mbíonn soláthar déanta don chóras oideachais lán-Ghaeilge, ní sheasann na prionsabail atá luaite mar bhunchloch na hinfeistíochta, eadhon inrochtaineacht, foirfeacht, trédhearcacht agus nuálaíocht.

3. FORBAIRT RÁITEAS STRAITÉISE 2016 – 2018:

Leagtar amach thíos moltaí Gaelscoileanna Teo. maidir le straitéisí, gnímh agus an t-infreastruchtúr tacaíochta atá de dhíth chun feabhas agus forbairt a dhéanamh ar an gcóras oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

3.1 Luathbhlianta

Tá an-easnamh ann sa Clár do Rialtas Comhpháirtíochta i dtaobh na luathbhlianta sa mhéid is nach bhfuil aon tagairt ann do thábhacht na Gaeilge sna luathbhlianta, agus don tábhacht a bhaineann leis an leanúnachas sa chóras tumoideachais ón naíonra go bunscoil lán-Ghaeilge.

Níl aon pholasaí soiléir cuimsitheach ag an Stát d'fhorbairt agus do chothú úsáid na teanga ón gcliabhán tríd an córas luathbhlianta agus ar aghaidh sa chóras foirmiúil oideachais. Níl aon eagrás ag fáil deontas maoinithe d'fhorbairt na luathbhlianta Gaeilge ó cuireadh deireadh leis an maoiniú d'Fhorbairt Naíonraí Teo. Aithníodh Gaelscoileanna Teo. mar cheanneagraíocht sa bhliain 2014 trí

mhaoiniú Fhoras na Gaeilge mar thacaíocht do chur chun cinn na Gaeilge sa naíonra, agus cuireadh deireadh le maoiniú Forbairt Naíonraí Teo. dá réir. Is deontas an-teoranta é, áfach, nach ndíríonn ar riachtanais forbartha an naíonra ná nach bhfuil d'acmhainn aige aon fhorbairt straitéiseach cuimsitheach a éascú de bharr easpa acmhainní. Is failí an-mhór é seo don earnáil. Tá gá le struchtúr maoinithe ceart d'fhorbairt na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht.

Ba chóir go gcinnteodh struchtúr tacaíochta cuí go mbeadh deis ag gach páiste freastal ar naíonra, agus leanúint sa chóras tumoideachais tríd an córas scolaíochta dá má mhian leo é.

Tacaíonn Gaelscoileanna Teo. leis an dara bhliain den saorbhliain trí ECCE. Ní mór áfach straitéisí agus infreastruchtúr tacaíochta cuí a bheith ann d'fheidhmiú níos éifeachtaí an chórais luathbhlianta trí Ghaeilge, trí:-

- **Acmhainní Oiriúnacha:** Go mbeadh níos mó acmhainní oiriúnacha ar fáil atá dírithe go sonrach ar riachtanais na naíonraí.
- Cailíochtaí cuí sa **Ghaeilge agus sa tumoideachais** d'earnáil na luathbhlianta le freastal ar riachtanais na foirne agus na bpáistí ag an aois seo. Is gá socrúithe a dhéanamh chun críche cur chuige straitéiseach d'fhorbairt na hearnála, agus lárnach dó seo go bhforbrófaí clár oiliúna cuí d'oibrithe naíonra (Stiúrthóirí/Cúntóirí) trí Ghaeilge. Ní mór oiliúint réamhsheirbhísí chuí a bheith ar fáil as Gaeilge, agus dírithe ar riachtanas an naíonra.
- **Fostaíocht:** Tá sé an-dúshlánach teacht ar fhostaithe agus oibrithe ionaid leis na cailíochtaí cuí agus ardchaighdeán teanga araon. Fadhb mhéadaithe anois leis an dara bhliain den ECCE agus éileamh níos mó ar spásanna sa naíonra.
- **Tacaíocht:** Easpa tacaíochta ar fáil i nGaeilge ó na coistí cúram leanaí agus ó na húdaráis stáit i gcoitinne. Ní mór do stiúrthóirí naíonraí dul i muiníne seirbhísí agus córais riaracháin as Béarla, agus iad i mbun ionaid oideachais agus cúram leanaí trí Ghaeilge a rith. Ní mór speisialtóirí luathbhlianta le Gaeilge a bheith ar fáil ó 'Better Start' le comhairle a chur ar stiúrthóirí naíonra.

Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge ina cuid lárnach den tionscadal seo mar gheall ar na buntáistí atá bainte leis an luath-thumoideachas agus an luach breise a chuirfeadh sé seo le forbairt na bpáistí ó thaobh teanga, forbairt sóisialta agus forbairt cognaíocha de. Léiríonn taighde go bhfuil na buntáistí a bhaineann le tumoideachas do pháistí, do theaghlaigh agus don tsochaí níos láidre a luaithe agus a thosaíonn tumadh sa dara teanga i bhforbairt an pháiste.

Fáiltítear go mór roimh **ranganna níos lú sna bunscoileanna**, rud atá riachtanach do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus a bhfuil tacaíocht teanga bhreise ag teastáil ó na daltaí.

3.2 Éagsúlacht agus Rogha Tuismitheoirí

Fáiltítear roimh an gheallúint rogha tuismitheora a neartú. Níl aon tagairt áfach sa chlár **d'éagsúlacht teanga**, tríd ár dteanga dhúchas oifigiúil. Tá rogha na héagsúlachta á nascadh le rogha de scoileanna le héiteas creidimh éagsúla; gan aon soiléiriú déanta go bhfreastalaíonn na scoil lán-Ghaeilge go comhuaineach ar an éagsúlacht sainmheon creidimh agus teanga.

Ní mór go mbeadh rogha na gael scolaíochta ar fáil do gach tuismitheoir agus páiste ar bhonn cearta.

Maidir leis an **bpróiseas bunaithe scoile**, cé go n-aithnímid obair dhíograiseach na Roinne sa phróiseas a bhaineann le planáil don soláthar, is léir go gcuireann an próiseas aitheanta pátrúnachta teorann ar fhorbairt na scoileanna lán-Ghaeilge. Má thógtar an cás is deireanaí i Marino/ Drom Conrach/ Baile Átha Cliath 1 mar shampla, ón 733 páiste a léirigh spéis i scoil lán-Ghaeilge fágadh 332 ainm ar lár toisc nach bhfuil seoladh acu laistigh den cheantar sonrach a aithníodh don scoil nua. Creidimid gur dochar ó nádúr é seo a théann i gcoinne forbairt an chórais lán-Ghaeilge. Cé go n-aithníonn an Roinn Oideachais go bhfuil tuismitheoirí a roghnaíonn scoil lán-Ghaeilge sásta turas níos faide a dhéanamh chun na scoile de bharr an éitis teanga ar leith, níor tugadh luach ar bith don 332 páiste seo atá díreach ar imeall an cheantair aitheanta. Níl ciall ná réasún ag baint le teorainn a leagann síos i gcás scoil lán-Ghaeilge, óir ní hí an scoil lán-Ghaeilge i gcónaí an scoil áitiúil, agus bhí sé riamh ina bhunghné den chóras i bhfianaise a laghad daoibh atá ann go mbeadh taisteal i gceist chuig gaeilscoil.

Fágann an próiseas atá ann go mbeidh tuismitheoirí a dteastaíonn oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí i gcónaí ina mionlaigh, in éagmais aon chóras nó próiseas eile a aithníonn nádúr na hearnála lán-Ghaeilge. De réir na gcritéir a bhaineann le teorann tíreolaíochta beidh sé riamh níos dúshlánaí do thuismitheoirí a dteastaíonn oideachas lán-Ghaeilge uathu cothrom na féinne a fháil. Ní féidir bheith ag súil go n-éiríodh le mionlaigh dul chun cinn a dhéanamh i bpróiseas atá curtha le chéile chun leasa an tromlaigh.

Maidir leis an **bpróiseas difheistithe**, cé go n-aithnímid obair na Roinne sa phróiseas a bhaineann le planáil don éagsúlacht i bpátrúnacht scoile, is léir nach bhfreastalaíonn an próiseas ar mhianta tuismitheoirí i leith sainmheon teanga scoile. Níl na sprioc cheantair i próiseas na Roinne ag teacht leis na ceantair ina bhfuil éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge, agus níl próiseas ann nó tacaíocht ar fáil ón Roinn do scoileanna gur mian leo sainmheon teanga a athrú go Gaeilge.

Polasaí Iontrála Scoile

Ní mór a chinntiú san Acht Iontrála Scoile a bheidh os comhair Tithe an Oireachtais go luath go dtabharfar tosaíocht:

- Do pháistí atá á dtógáil trí Ghaeilge sa bhaile (ar an mbunleibhéal agus ar an dara leibhéal);
- Go mbeidh sé de dhíscréid ag gach bord bainistíochta a gcuid critéir a leagan amach, ag tabhairt airde ar an 7 bprionsabal de chomhionannas, a bheidh mar chosaint do shainmheon teanga na scoile, agus
- go mbeidh sé de dhíscréid ag boird bhainistíochta tús áite a thabhairt do pháistí a d'fhreastail ar naíonra mar léiriú ar spéis ghníomhach sa teanga.

3.3 Scoileanna Beaga

Fáiltíonn muid roimh an gheallúint nach mbeidh brú ar scoileanna beaga cónascadh agus go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcóimheas daltaí le múinteoirí. Tá sé seo ach go háirithe riachtanach do na scoileanna lán-Ghaeilge Gaeltachta. Tá an bhearna idir líon na bpáistí do scoil 3 oide agus scoil 4 ach go háirithe ina chonstaic ar fhorbairt na scoile ó thaobh líon foirne.

Anuas ar seo, tá sé dodhéanta ar scoileanna le hirlanganna an luath-thumoideachas a chur i bhfeidhm ar bhealach atá chun leasa forbairt teanga an linbh. Níl sé inghlactha go mbeadh páistí atá tosaithe ar an mBéarla go foirmiúil in aon suíomh ranga le páistí atá tumtha sa Ghaeilge amháin. Tá gá le múinteoir breise ar leith d'irlanganna ina bhfuil an luath-thumoideachas ag feidhmiú chun díriú go sonrach ar riachtanais teanga na bpáistí. Moltar go mbeadh an moladh seo lárnach sa phacáiste

tacaíochta a bheidh ann do scoileanna Gaeltachta a chinneann an luath-thumoideachas dhá bhliain a chur i bhfeidhm.

Sa bhreis ar seo tá foireann dhílis bhreise ag teastáil chun clár forbartha teanga a chur i bhfeidhm sna scoileanna Gaeltachta, áit a bhfuil páistí le hilchumais agus cúlaí éagsúla teanga in aon rang amháin. Mura gcuirfí straitéisí i bhfeidhm láithreach mar chrann taca don chainteoir dúchais sa scoil Ghaeltachta beidh impleachtaí an-mhóra ann do thodhchaí na teanga sa Ghaeltacht, mar atá cruthaithe ag an taighde dúchas.

Moltar go mbeadh cúntóirí teanga ann do gach scoil atá ag feidhmiú trí Ghaeilge agus go mbeadh na cúntóirí teanga sa Ghaeltacht ag feidhmiú don scoilbhliain ar fad.

3.4 Soláthar Mhúinteoirí

Tá dúshlán an-mhór ag scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta teacht ar mhúinteoirí le caighdeán cuí, idir líofacht agus cruinneas, le feidhmiú sa suíomh lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal. Ag an mbunleibhéal, cé gur féidir le múinteoirí a dtoilteanas a chur in iúl tríd an próiseas athiomaíochta feidhmiú i suíomh mar seo, níl aon mheicníocht ann le cumas ná oiriúnacht an duine sin a mheas don suíomh lena mbaineann.

Tá gá dá réir le cáilíocht ar leith mhúinteoireachta don suíomh lán-Ghaeilge / Gaeltachta mar aon le painéal ar leith dóibh siúd le cáilíocht chuí. D'fhéadfaí go mbeadh cáilíocht dá leithéid le baint amach sa chlár Oideachas Tosaigh do mhúinteoirí nó mar chuid den chlár Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.

Moltar clár ardchaighdeán san **Oideachas Tosaigh Mhúinteoirí** agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a thacaíonn agus a láidiríonn an córas oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag an dá leibhéal, de réir mar atá molta sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge. Ní mór go dtógfaidh an phleanáil agus soláthair **d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach** sainriachtanais na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta san áireamh.

Ní mór go mbeidh oiliúint agus cáilíocht chuí ag **príomhoidí nua sa chóras lán-Ghaeilge** sa réimse oideachais lán-Ghaeilge.

Moltar an **liúntas don teagasc i scoil Ghaeltachta / lán-Ghaeilge** a ath-fheidhmiú mar aitheantas ar na riachtanais agus an t-ualach breise atá ar mhúinteoirí sa chóras lán-Ghaeilge ag cur curaclam trí mheán na Gaeilge i bhfeidhm. Is minic na múinteoirí seo i mbun aistriúcháin chun ábhar agus acmhainní a bheith ar fáil sa teanga chuí nádúrtha atá ag teastáil. Rinneadh fáil ar mhúinteoirí sa chóras oideachais lán-Ghaeilge deireadh a chur leis an liúntas seo.

3.4 Riachtanais Speisialta Oideachais

Ní aithnítear sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta na bearnaí san infreastruchtúr tacaíochta do riachtanas speisialta sa chóras oideachais lán-Ghaeilge.

Ní mór tacaíocht a chur ar fáil do chainteoirí dhúchais Gaeilge le gur féidir leo, a dtuismitheoirí agus an scoilphobal, cúram a fháil i nGaeilge agus nach gcuirfear le míbhuntáiste an pháiste trí chúram i mBéarla a amháin a thairiscint don pháiste.

Ní mór bunoiúint a bheith ag gach teiripeoir agus síceolaí ar an ilteangachais, ar shaintréithe an chórais oideachais lán-Ghaeilge agus ar na tacaíochtaí agus infreastruchtúr atá ag teastáil don pháiste le RSO sa chóras lán-Ghaeilge. Ní mór don ROS tabhairt faoi thógáil feasachta ar an gcóras chun nach mbeidh míthuiscintí ann faoi nádúr an chórais agus a oiriúnacht don pháiste le RSO. Ní mór tosaíocht a thabhairt do thaighde dhúchasach ar an gceist agus fianaise eolaíoch a bheith ar fáil do thuismitheoirí ina leith. Ní mór seirbhísí urlabhra agus teanga a bheith ar fáil i dteanga dhúchais an linbh / teanga na scoile.

Moltar go láidir sa mhúnla nua tacaíochta um leithdháileadh acmhainní do Riachtanais Speisialta go dtógfáí riachtanais an chórais lánGhaeilge san áireamh agus go léireodh an liúntas a dháilfí ar scoileanna lán-Ghaeilge go bhfuil na scoileanna lán-Ghaeilge ag freastal ar riachtanais na bpáistí i dtrí ábhar, sé sin mata, Béarla agus Gaeilge.

Tá an-easnamh ann ó thaobh oiliúint chuí do Chúntóirí Riachtanais Speisialta (CRS) chun feidhmiú sa suíomh lán-Ghaeilge. Moltar go bhforbrófaí cúrsa FETAC leibhéal 5/6 ach go mbeadh modúil nó, clár iomlán atá dírithe ar an gcóras lánGhaeilge.

Moltar an liúntais CRS a leithdháileadh níos luaithe sa bhliain ionas go bhféadfaí riachtanais teanga na gcúntóirí a thógáil san áireamh agus an phleanáil chuí a dhéanamh go mbeidh struchtúr tacaíochta ann do dhaltaí sa chóras lán-Ghaeilge.

3.5 Ní mór buiséad agus struchtúr cuí feidhmiúcháin a aithint agus a fheidhmiú don **Straitéis 20 bliain don Ghaeilge**. Is ábhar éadóchais é a laghad infheistíochta agus tábhachta atá curtha i bhfeidhmiú na straitéise ag leibhéal an Rialtas.

3.6 Ní mór buiséad cuí a chur ar fáil mar aon le plean feidhmiúcháin chun go dtabharfaí feidhm do na straitéisí stáit atá ann chun leasa na Gaeilge, ar a n-áirítear an Phleanáil Teanga sa Ghaeltacht, an Polasaí Oideachas Gaeltachta agus an Straitéis 20 bliain don Ghaeilge. Ní mór na páirtithe leasmhara a aithint, agus na ról faoi seach chun críche plean gnímh comhpháirtíochta a chur i bhfeidhm.

3.7 Maidir leis an gceist a ardaíodh faoi úsáid acmhainní phobal na scoile, ní mór struchtúr bainistíochta a bheith an-soiléir óir is ábhar imní na ceisteanna bainistíochta, rúndachta, agus riaracháin a bhaineann le freagracht as acmhainní scoile i ndiaidh am oifigiúil na scoile.

Fáiltítear go mór roimh an deis na moltaí seo a phlé sa chéad chéim eile a bhaineann leis an gcomhairliúchán.

Gaelscoileanna Teo.

7 Meitheamh 2016.